

Measúnú Rangbhunaithe 2: Láithreoireacht

Léargas Ginearálta	<p>Is Láithreoireacht Aonair í seo. Is féidir go mbeidh baint dhíreach ag an topaic a roghnaítear le hinneachar an chúrsa nó féadfaidh an scoláire staidéar a dhéanamh ar cheist a bhfuil tábhacht phearsanta nó logánta léi, a fhad is go mbíonn siad bainteach leis an timpeallacht ghnó. Cuirfear liosta de thopaicí féideartha ar fáil.</p> <p>Is féidir le scoláirí obair a dhéanamh i gcomhar lena gcairde agus iad ag bailiú faisnéis ábhartha ach ba chóir do mhúinteoirí a chinntiú go mbíonn gach scoláire ábalta faisnéis a thabhairt ina n-aonar a chomhlíonadh na Gnéithe Cáilíochta don mheasúnú seo.</p> <p>Beidh scoláirí ag plé le trí réimse gníomhaíochta, a chuireann le soláthar a bhfianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Iniúchadh 2. Machnamh ar an bhfoghlaim 3. Cumarsáid
Struchtúr na Láithreoireachta	<p>Ba chóir go ndéanfaí an láithreoireacht a struchtúru de réir na dtreoracha seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Léargas achomair a aimsiú agus a thabhairt ar an topaic atá bainteach le cúrsaí gnó • A spéis sa topaic a mhíniú • Meastóireacht a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim siad faoin timpeallacht ghnó de thoradh a bhfiosrúcháin sa topaic • Machnamh a dhéanamh ar cé acu/conas a bhraitheann siad an saol go difriúil agus conas a d'athraigh an t-iompar s'acu tar éis a bheith ag plé leis an tionscadal • Tuairim a chur i láthair bunaithe ar an topaic atá bainteach le cúrsaí gnó • A léiriú conas a d'fhorbair a gcuid scileanna cumarsáide
Fianaise ar Foghlaim	<ul style="list-style-type: none"> • Mar threoir ghinearálta ba chóir go mairfeadh tionscadail 3 nóiméad in aghaidh an scoláire lena n-áirítear an t-am a chuirtear i leataobh le plé leis an lucht éisteachta • Glactar le tacaíocht an mhúinteora do chumarsáid an scoláire, i bhfoirm ceisteanna nó idirghabhálacha, mar chuid den phlé • Féadfaidh scoláirí labhairt le nótaí nó gan iad, agus is féidir script a ullmhaíodh roimh ré a léamh • Féadfaidh scoileanna réimse d'ábhair thacaíochta a úsáid • Spreagtar úsáid ábhair thacaíochta éagsúla agus tugtar luaíocht dó sin nuair a bhíonn siad in úsáid chun an láithreoireacht a scafláil mar is cuí.
Dátaí Tábhachtacha	<p>Dé Luain 18 Samhain 2019 go Dé hAoine 13 Márta 2020 – Tréimhse ina gcaitheann scoláirí trí seachtaine i mbun na Láithreoireachta</p> <p>Dé Luain 6 Éanair go Dé Luain 23 Márta 2020 – Tréimhse le haghaidh an Taisc Mheasúnaithe (TM) a dhéanamh</p> <p>Dé hAoine, 27 Márta 2020 – Dáta deiridh ag an múinteoir chun Tuairiscíní a bhronnadh</p> <p>Dé hAoine, 3 Aibreán 2020 – Dáta deiridh chun Cruinniú don Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) a chríochnú</p>
Measúnú	<p>Ba chóir don mhúinteoir ranga na Gnéithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm chun an Tuairiscín Gráid is fóirsteanáí do gach scoláire a mheas.</p> <p>Ba chóir na Tuairiscíní Gráid a athbhreithniú ag an gcruinniú AFMÁ inar cheart samplaí taifeadta de shaothar a gcuid scoláirí agus a mbreithiúnais orthu sin a phlé agus a chur i gcomparáid le samplaí a gcomhghleacaithe agus le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí eile a chuireann an CNCM ar fáil.</p>
Tuairiscíú	<p>Bronntar Tuairiscín Gráid ar an scoláire bunaithe ar a fheabhas a ghnóthaigh siad. Ba chóir Tuairiscíní Gráid agus aiseolas a thuairiscíú ar ais chuig scoláirí agus chuig tuismitheoirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile.</p>

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior**CYCLE**

for teachers

**Taifeadfar na Tuairiscíní Gráid Deiridh ar
Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)**